Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 19 Iúil 2023
(OR. en)

8280/3/23
REV 3

LIMITE

ACP 25
COAFR 133
COLAC 36
COASI 76
WTO 49
RELEX 452

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0145(NLE)**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9752/21 + ADD 1-2 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ESACC), den pháirt eile<br>- Glacadh |

1. An 22 Meitheamh 2018, ghlac an Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear don Choimisiún Eorpach agus d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála tús a chur le caibidlíocht, agus caibidlíocht a dhéanamh, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, ar na forálacha a thagann faoi inniúlacht an Aontais, de Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus tíortha Ghrúpa na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile[1].

[1] 8094/18

An lá céanna, ghlac Ionadaithe Rialtais na mBallstát an Cinneadh ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, lena n-údaraítear don Choimisiún Eorpach caibidlíocht a dhéanamh, thar ceann na mBallstát, ar na forálacha a thagann faoi inniúlachtaí na mBallstát, de Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus tíortha Ghrúpa na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile[2].

PUBLIC

2. Cuireadh inisealacha le téacs an chomhaontaithe an 15 Aibreán 2021.

3. An 11 Meitheamh 2021, thíolaic an Coimisiún a thogra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ESACC), den pháirt eile[3].

4. An 23 Meitheamh 2021, tháinig Meitheal ACC ar chomhaontú ar a leibhéal maidir leis na modhnuithe ar théacs an chomhaontaithe d'fhonn é a athrú ina chomhaontú measctha, agus d'iarr sí ar an gCoimisiún na hathruithe sin a tharchur chuig ESACC. Tharchuir an Coimisiún an téacs modhnaithe chuig OACPS an 16 Iúil 2021, ach choinnigh sé a sheasamh gur cheart an Comhaontú a bheith ina chomhaontú de chuid an Aontais agus é sin amháin.

5. Thug Meitheal ACC athruithe éagsúla isteach ar théacs an dréachtchinnidh ón gComhairle chun cineál dlíthiúil measctha an chomhaontaithe a léiriú, agus an 19 Deireadh Fómhair 2021 tháinig sí ar chomhaontú ar a leibhéal maidir le liosta forálacha agus ábhair atá le heisiamh ón gcur i bhfeidhm sealadach.

6. Cuireadh in iúl do Mheitheal ACC an 3 Nollaig 2021 gur fhormhuinigh ESACC na hathruithe atá beartaithe a bhaineann le cineál an Chomhaontaithe. Faoin 21 Nollaig 2021, rinneadh an obair theicniúil ar théacs an dréachtchinnidh ón gComhairle agus ar théacs an Chomhaontaithe a chur i gcrích go rathúil faoin Uachtaránacht, ach mar gheall ar an bhforchoimeádas a chuir Ballstát amháin in iúl, níorbh fhéidir an comhad a phróiseáil a thuilleadh ag an gcéim sin.

---

[2] 8095/18

[3] 9752/21 + ADD 1 agus 2

7. An 18 Aibreán 2023, phléigh Meitheal ACC an t-athrú ar bhallraíocht in ESACC i dtéacs an Chomhaontaithe a léiriú agus conas é sin a dhéanamh, eadhon gur tharraing an Afraic Theas siar ó ESACC in 2022 agus gur tháinig Oileáin Mhaildíve isteach i ESACC. Ar bhonn an mheasúnaithe agus na moltaí téacsúla a chuir an Coimisiún ar aghaidh, tháinig Meitheal ACC ar chomhaontú ar a leibhéal chun téacs an Chomhaontaithe a choigeartú tríd an tagairt do Afraic Theas a scriosadh agus trí thagairt d'Oileáin Mhaildíve a chur isteach.

8. An 19 Aibreán 2023, phléigh Coreper na saincheisteanna deireanacha a bhí fós gan réiteach.

9. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Coreper an méid a leanas a dhéanamh:

– a dhaingniú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ESACC), den pháirt eile, mar a leagtar amach, tar éis bailchríoch a bheith curtha air ag na dlítheangeolaithe, in 8371/23 DCL 1 é, agus maidir le téacs an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, mar a leagtar amach, tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur air, in 8372/1/23 REV 1 é;

– a mholadh don Chomhairle, i gcuid 'A' de chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, an Cinneadh ón gComhairle, mar a leagtar amach in 8371/23 DCL 1 é, a ghlacadh chun síniú an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta mar a leagtar amach in 8372/1/23 REV 1 é a cheadú;

– na ráitis atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a thabhairt dá aire.

10. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE agus seolfar an Cinneadh ón gComhairle chuig Parlaimint na hEorpa.

11. Sa chomhthéacs sin, tugtar ar aird go dtacaíonn na Ballstáit freisin, ina gcáil mar Pháirtithe sa Chomhaontú sin in éineacht leis an Aontas, le síniú an dréachtchomhaontaithe agus lena chur i bhfeidhm sealadach.

PUBLIC